# NUACHT LITIR NA SCOILE





**Cosaint Leanaí i nGaelscoil Chaladh an Treoigh**

Is éard atá i gceist le cosaint leanaí ná aon rud a dhéanaimid inár scoil chun leanaí a choinneáil slán ó dhochar.

Má deir nó má dhéanann duine rud éigin a ghortaíonn do pháiste nó a chuireann iad ar a míchompord, is féidir é a rá le duine a bhfuil muinín agat astu.

<u>Cé leis ar cheart duit dul chun cabhair a fháil?</u>
Bainteach le bulaíocht, is é an chéad phaointe teagmhála ná an múinteoir ranga.
Bainteach le cosaint leanaí, is í an duine idirchaidrimh ainmithe (nó DIA) ná an Phríomhoide Frankie Uí Fhrainclín. Is í an an leas duine idirchaidrimh ainmithe (nó LDIA) ná an Leas Phríomhoide Deirdre Ní Ghiolla Phádraig.

<u>Cad a dhéanfaimid?</u>
Éistfimid agus tuigfimid
Deanfaimid treoir nó lorgóimid cabhair
Leanfaimid an polasaí scoile

**Child Safeguarding in Gaelscoil Chaladh an Treoigh**

Child safeguarding is what we do in our school to keep children safe from harm.

If someone says or does something to hurt or make your child feel uncomfortable, you can tell someone you trust.

<u>Who should I go to get help?</u>
If your concern is about bullying, the class teacher is the first point of contact
If your concern is about child safeguarding, the designated liaison person (or DLP) is the Principal Frankie Uí Fhrainclín. The deputy designated liaison person is Deputy Principal Deirdre Ní Ghiolla Phádraig.

<u>What will we do?</u>
We will listen and understand
We will guide or look for help
We will follow school policy


Campa Cásca
Dataí: 30th•03•2026 - 3•04•2026
Am: 9am - 12pm
Naíonra Chaladh an Treoigh
Gníomhaíochtaí
- Ealaín
- Cluichí
- Ceol agus Damhsa
- Spraoi
Contact: Ashling.conlan@gmail.com

# Cáisc Shona

## Gaelscoil Chaladh an Treoigh

### Lúthchleasaíochta

"Is fearr rith maith ná drochsheasamh"

Ghlac gasúir na scoile páirt i gComórtas lúthchleasaíochta in Ollscoil Luimnigh. D'éirigh thar cionn leo agus tháinig siad ar ais le ceithre chorn mór, Táimid an-bhródúil astu ar fad as an gcaoi a d'oibrigh siad lena chéile agus an spreagadh a thug siad dá chéile.

### VEX

Ghlac Rang V an Abhóca páirt sa chomórtas VEX Robotics. Bhí dhá chomórtas againn, ceann i gCorcaigh agus ceann i Luimneach. Bhuaigh ár bhfoireann "Duais na Moltóirí". B'éigean do na gasúir róbat a thógáil chomh maith leis an róbat a chodú chun dul san iomaíocht i gcomórtas cruachta.

### Na Sacraimintí

Ócáidí mhóra i saol an pháiste is ea an Chéad Fhaoistin agus an Chéad Chomaoineach. Is ceann de sheacht Sacraimint na hEaglaise, an Aithrí. Ceiliúradh an tSacraimint seo i gcónaí riamh i saol na hEaglaise. Bhí an Chéad Fhaoistin ag Rang II Múinteoir Aoife agus Múinteoir Erin i mí Feabhra i Séipéal Mhóin an Lín leis an Athair Gearóid agus an tAthair Peter.

Beidh an Chéad Chomaoineach i Séipéal Áth an Mhuilinn ar an 17ú Aibreán. Ba mhaith linn, Múinteoir Aoife, Múinteoir Erin agus páistí Rang II, ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le Theresa & Dolores a bhuaileann linn sa séipéal go rialta chun an cúrsa 'Children of the Eucharist' a dhéanamh linn. Is ag súil leis an lá mór atáimid uilig!

### FAI na Buachaillí

Dé Máirt an 24ú ghlac an Ghaelscoil páirt i gcomórtas FAI cúigear an taobh. Bhí dhá fhoireann buachaillí againn ar an lá. Rinne siad go han-mhaith, d'imir gach foireann ceithre chluiche. Bhuaigh siad a gcluichí go léir. D'eirigh leis an dá fhoireann dul ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile i ndiaidh na Cásca. Iarracht agus scileanna iontach le fheiscint uathu.

### Ficheall

"Ní neart go cur le chéile"

Is fíor a rá go bhfuil cúrsaí fichille ag dul ó neart go neart sa scoil againn. Bhí Féile Fichille sa scoil le déanaí agus chuireamar fáilte roimh scoileanna ó gach cúinne den chontae. Is cúis mórtais dúinn gur tháinig na Buds sa chéad agus dara áit. Comhghairdeas speisialta le Alex RVI a tháinig sa chéad áit i measc na Masters. Coinnigí oraibh a pháistí.

# Cáisc Shona

## Gaelscoil Chaladh an Treoigh

### FAI na gCailíní

Bhí ana-lá ag cailíní na scoile ag imirt sa chéad babhta do Chomórtas Sacair an FAI le déanaí.
Bhí dhá fhoireann againn ar an lá le cailíní ó Rang a Cúig agus a Sé ag déanamh a seacht ndícheall áit a fháil sna babhta ceannais.
Rinne foireann amháin sár-iarracht agus bhí bua nó dhó acu ach bhí mí-ádh leo nach chuadar níos faide sa chomórtas.
D'éirigh leis an bhfoireann eile an lámh in uachtar a fháil ar an Mhodhscoil sa chluiche ceannais tar éis coimhlint teann a críochnaigh 1-0 dúinn.
Beidh an foireann sin ag dul ar aghaidh go dtí cluichí ceannais an chondae i ndiaidh na Cásca agus guímid gach rath orthu!

### Féile Scoldramaíochta 2026

Eagraíonn An Cumann Scoildrámaíochta féilte drámaíochta chun drámaí trí Ghaeilge a a chur chun cinn i measc scoláirí bunscoile. Ghlac Rang I na Laoi mar aon le Naíonáin Mhóra na Máighe páirt san fhéile i mbliana. Thug na Naíonaiín faoin dráma dar teideal An Garbhán agus thug Rang I an Laoi faoi dráma dar teideal An Bearradh Gruaige.
éirigh leis an dá rang dul ar aghaidh chuig Féile na Mumhan. Nach orthu a bhí an ríméad. Bhí an lá go deo acu i nGlór, Inis.
Beidh lá eile ag Naíonáin Mhóra na Máighe san Ionad Cultúir , Muileann gCearr i Mí Aibreáin agus iad ag glacadh páirt sa chraobh náisiúnta.

### Scór na bpáistí & Féile na hInse

Comhghairdeachas ó chroí le na páistí ar fad a ghlac páirt i Scór na bpáistí agus Féile na hInse i mbliana. Táimid an-mhórálach as gach aon duine agaibh.

### Gala Snámh na Mumhan 2026

Comhghairdeachas le na páistí ar fad a bhí ag snámh ar son na scoile ag an Gala seo. D'éirigh go hiontach leo agus táimid an-bhródúil astu.

### Tráth na gCeist

Comhghairdeachas le na páistí ar fad a ghlac páirt san comórtais Tráth na gCeisteanna an téarma seo.D'éirigh thar barr leo ag buachaint go leor de na comórtais. Maith sibh!

Comghairdeachas le páistí Rang VI idir cailíní agus buachaillí a chuaigh go dtí na trialach camógaíochta / iománaíochta ar son na scoile agus iadsan a bhí ainmnithe ar Fhoireann na gCathrach. Beir bua agus cinnte go bhfeicfimid sa todhchaí iad i bPáirc na nGael

### Féile Luimnigh

Thug sé ardú croí dúinn anseo inGelscoil Chaladh an Treoigh gur ghlac páistí na scoile páirt i bhFéile Luimnigh. Bhí saibhris teanga, dramaíocht agus comhluadar le braith thart timpeall na scoile. Go mbeirimid beo ar an am seo arís.


## Parkrun le Seachtain na Gaeilge 2026

Céiliúradh den scoth faoin ngrian a bhí againn ag Parkrun na hOllscoile maidin Satharn 14.3.2026 le ceol, craic agus torthaí blasta ó Chomhluadar Luimnigh! Buíochas leis an mbanna ceoil a ghlac páirt!

*We had a morning of music and craic at the UL Parkrun on Saturday morning 14.3.2026. We are grateful to our school band who took part and to Comhluadar Luimnigh who provided lots of fresh fruit for the participants!*






## Tarraingt Téide do Clionas Foundation












## Cuairt ó John Spillane, a bhuíochas le Comhluadar Luimnigh

Nach orainn a bhí an t-ádh nuair a bhuamar cuairt scoile ón gceoltóir/amhránaí aitheanta John Spillane le déanaí! Mór ar mbuíochas le Comhluadar Luimnigh a d'eagraigh an comórtas agus le banna ceoil na scoile a chuir isteach an t-iarratas. Bhí ard-lá againn le John ag déanamh geáitsí, ag bualadh bos leis an gceol agus ag canadh amach os ard!

## Art Classes after Easter

**MONDAY** 13th April
1st Class - 6th Class 2.10-3.10

**TUESDAY** 14th April
Junior's and Senior's 1.10-2.10
1st Class - 6th Class 2.10-3.10

**8 week term: 90euro, 5euro discount for siblings**

Our classes are fun and relaxed and give children a space to get creative and experiment with clay, printing, painting and drawing.
Contact Sinead @ 0864089284/ Niamh @ 0861938315

[Cite your source here.]






**Deis spreagúil chun do shlí bheatha a chur chun cinn in Oideachas na Luath-Óige laistigh de Naíonra Ríocht na Sí, Conradh na Gaeilge.**

**Sonraí poist:** Tá Naíonra Ríocht na Sí ag earcú don phost Oideachasóir Cúraim Leanaí/Bainisteoir Naíonra Ríocht na Sí.

- **Teangmháil:** cnagluimnigh@gmail.com agus **089-6071366** le haghaidh aighneachtaí nó fiosrúcháin
- Dáta deiridh d'iarratais: 15 Aibreán 2026

**Tuarastal:** Comórtasach agus ag brath ar thaithí agus cáilíochtaí

**Sceideal**

- Seirbhís sheisiún lánaimseartha i láthair le haghaidh cúraim agus oideachais do Pháistí (38 seachtain ECCE)
- Bainistíocht agus ceannaireacht ar an bhfoireann agus an Naíonra
- Gnáth uaireannta oibre 8.15am -3.15pm, Luain - Aoine
- Dáta tosaigh: 24 Lúnasa 2026
- Féidearthacht tosaithe i mí na Bealtaine/Meithimh freisin mar réamhrá don phost lánaimseartha

**Suíomh**

Conradh na Gaeilge, 18 Sráid Thomáis, Luimenach, Co. Luimnigh

**Cur síos ar an obair**

- Mar Bhainisteoir, cinntigh go bhfeidhmíonn an Naíonra go réidh.
- Páirt a ghlacadh i dualgais riaracháin laethúla chomh maith le páistí an Naíonra a stiúradh.
- Déan cinnte go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta á leanúint.
- Déan cinnte sláinte agus sábháilteacht na bpáistí atá i do chúram a chinntiú i gcónaí.

**Riachtanais**

- QQI Leibhéal 6 ar laghad i gCúram Leanaí.
- Smacht na Gaeilge mar theanga laethúil
- Litearthacht ríomhaireachta aibí
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth le tiomantas do obair fhoirne mhaith. Scileanna den scoth maidir le Ceannaireacht Fhoirne

**Forbairt Ghairmiúil:** Is féidir deiseanna le haghaidh foghlaim na Gaeilge, lena n-áirítear ranganna, a chur ar fáil don iarratasóir rathúil.

**An exciting opportunity to advance your career in Early Years Education within a well-established Naíonra setting.**

**Job details:** Naíonra Ríocht na Sí are hiring for the position of Childcare Educator/Manager of Naíonra Ríocht na Sí.

- **Contact:** cnagluimnigh@gmail.com and **089-6071366** for submissions or enquiries
- Application deadline: April 15 2026

**Salary:** Competitive and dependent on experience and qualifications.

**Shift and schedule**

- Full-time In Person sessional service caring for and educating Children (38 weeks ECCE)
- Managing and leading the staff and running of the Naíonra
- Hours typically 8.15am -3.15pm
- Monday-Friday
- Expected Start Date: 24th August 2026
- Potential to start in May/June also as a precursor to the full time position

**Location**

Conradh na Gaeilge, 18 Thomas St, Limerick, County Limerick

**Description**

- Ensure the smooth running of the Naíonra as Manager.
- Engaging in daily administrative responsibilities as well as engaging children of the Naíonra.
- Ensure policies and procedures are being adhered to at all times.
- Ensure the health and safety of children in your care at all times.

**Requirements**

- A minimum QQI Level 6 Award in Childcare.
- A command of the Irish language
- Competent computer literacy
- Excellent Communication and interpersonal skills with a commitment to good teamwork.
- Excellent Team Leadership skills

**Professional Development:** Opportunities for Irish language learning, including classes, may be provided to the successful applicant.


SIAR LINN
TOSAIGH
TG4
cúla4
Tá Siar Linn ar ais agus tá páistí (aois 9-12) á lorg againn chun a bheith páirteach ann!
An bhfuil Gaeilge líofa agat agus suim agat sa stair?
Seol físeán chugainn leat fhéin nó le do chairde agus:
• Cuir tú fhéin in aithne dúinn
• Abair linn an rud is fearr leat faoin stair (an rud is greannmhaire nó is aistí!)
Macalla
Seol ríomhphost chuig macallapaisti@gmail.com le d'fhíseán nó chun tuilleadh eolais a fháil


SIAR LINN
TOSAIGH
TG4
cúla4
Siar Linn is back and we are looking for kids (aged 9-12) to take part!
Do you have fluent Irish and love history?
Send us a video of yourself or with your friends and:
• Introduce yourself
• Tell us your favourite thing about history (the funniest or weirdest thing about it!)
Macalla
Send an email to macallapaisti@gmail.com with your video or for more information